Déardaoin 24. Márta 2022

P9_TA(2022)0098

Slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú: iarratas EGF/2021/007 FR/Selecta – an Fhrainc

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Márta 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón bhFrainc – EGF/2021/007 FR/ Selecta (COM(2022)0035 – C9-0036/2022 – 2022/0023(BUD))

(2022/C 361/18)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0035 – C9-0036/2022),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ([1]) ("Rialachán CED"),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 ([2]) ("Rialachán CAI"), agus go háirithe Airteagal 8 de,

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([3]), agus go háirithe pointe 9 de,

— ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0048/2022),

A. de bhrí gur bhunaigh an tAontas ionstraimí reachtacha agus buiséadacha chun tacaíocht bhreise a sholáthar d'oibrithe a bhfuil an domhandú agus athruithe teicneolaíochta agus comhshaoil tar éis difear a dhéanamh dóibh, amhail athruithe ar phatrúin trádála domhanda, díospóidí trádála, athruithe suntasacha ar chaidreamh trádála an Aontais nó comhdhéanamh an mhargaidh inmheánaigh agus géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíocha, agus an t-aistriú ionsar gheilleagar ísealcharbóin, nó mar thoradh ar dhigitiú nó uathoibriú;

B. de bhrí gur leathnaigh an tAontas raon feidhme an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) chun tacaíocht airgeadais a sholáthar i gcás aon mhórtheagmhais athstruchtúraithe, agus lena gcumhdaítear, ar an gcaoi sin, éifeachtaí eacnamaíocha ghéarchéim an choróinvíris;

C. de bhrí gur chuir an Fhrainc iarratas EGF/2021/007 FR/Selecta isteach le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, tar éis 294 oibrí a bheith curtha ar iomarcaíocht san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2 rannán 46 (An trádáil mórdhíola, cé is moite de mhótarfheithiclí agus gluaisrothair) i ngach réigiún NUTS 2 ar mhór-roinn na Fraince, cé is moite de Limousin (FRI2), laistigh de thréimhse thagartha le haghaidh an iarratais ón 1 Meitheamh 2021 go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2021;

D. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 294 oibrí iomarcacha ar tháinig a ngníomhaíocht i gcuideachta Selecta chun deiridh le linn na tréimhse tagartha, agus gur cuireadh 179 n-oibrí ar iomarcaíocht roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh mar thoradh ar na teagmhais chéanna a spreag deireadh le gníomhaíocht na n-oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht le linn na tréimhse tagartha agus go measfar, dá bhrí sin, gur tairbhithe incháilithe iad freisin;

([1]) IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
([2]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28

Déardaoin 24. Márta 2022

E. de bhrí go bhfuil an t-iarratas bunaithe ar na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a) de Rialachán CED, lena gceanglaítear go scoirfí de ghníomhaíocht 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn thréimhse thagartha ceithre mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát;

F. de bhrí go bhfuil tionscal na meaisíní díola buailte go dona ag paindéim COVID-19 san Eoraip, de bharr gur dúnadh na suíomhanna (gnólachtaí agus áiteanna poiblí amhail aerfoirt, stáisiúin iarnróid, etc.) ina raibh na meaisíní sin nó nach raibh rochtain ar na meaisíní díola sna suíomhanna a bhí ar oscailt, agus gur chaill na gnólachtaí meaisíní díola i réigiún Île-de-France 70 % dá láimhdeachas (Meán Fómhair 2020 bliain ar bhliain) mar gheall ar an teilea-obair ([4]);

G. de bhrí, de réir Selecta, in ainneoin an téarnaimh ar an ngníomhaíocht i samhradh 2020, bhí laghdú 47 % ar athlíonadh na meaisíní i gcomparáid le Feabhra 2020, an mhí dheireanach roimh an bpaindéim, agus in ainneoin go ndearna Selecta athchaibidliú ar chonarthaí agus é ag iarraidh srian a chur ar na caillteanais, ar caillteanais iad a méadaíodh de dheasca costais sheasta agus titim sna díolacháin, thaifead sé caillteanais oibriúcháin de EUR 60 milliún in 2020 ([5]) agus gur eagraigh sé iomarcaíocht 473 oibrí;

H. de bhrí gur dhearbhaigh an Coimisiún go raibh géarchéim eacnamaíoch mar thoradh ar an ngéarchéim shláinte, gur leag sé amach plean téarnaimh don gheilleagar, agus gur leag sé béim ar ról CED mar uirlis éigeandála ([6]);

I. de bhrí, de réir na hEagraíochta um Dhíolacháin agus Seirbhísí Uathoibríocha sa Fhrainc (NAVSA), gur tháinig titim idir 50 % agus 90 % ar láimhdeachas na hearnála sa Fhrainc in 2020 i gcomparáid le 2019, rud a chuir thart ar 25 000 post i mbaol;

J. de bhrí gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm leo tairbhithe a athimeascadh go mear i bhfostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe laistigh nó lasmuigh den chéad earnáil ina raibh siad gníomhach, agus iad a ullmhú do gheilleagar Eorpach níos glaise agus níos digití;

K. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil de EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán CAI;

1. ag aontú leis an gCoimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a) de Rialachán CED agus go bhfuil an Fhrainc i dteideal ranníocaíocht airgeadais de EUR 4 074 296 faoin Rialachán sin, arb ionann é agus 85 % den chostas iomlán de EUR 4 793 290, lena gcuimsítear caiteachas EUR 4 766 930 ar sheirbhísí pearsantaithe agus, i gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán CED, caiteachas EUR 26 360 chun CED a chur chun feidhme;

2. ag tabhairt dá haire gur chuir údaráis na Fraince an t-iarratas isteach an 12 Deireadh Fómhair 2021, agus gur thug an Coimisiún a mheasúnú chun críche an 7 Feabhra 2022 agus gur thug sé fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi an lá céanna;

3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 473 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht agus a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Fhrainc ag dréim leis go nglacfaidh na tairbhithe incháilithe go léir páirt sna bearta (tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu);

4. á mheabhrú go bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh tionchar sóisialta na n-iomarcaíochtaí tábhachtach don Fhrainc, go háirithe i réigiún Île-de-France agus i gcathair Lille, áit inar tharla 32 % agus 13 % de na hiomarcaíochtaí faoi seach;

5. á chur i bhfios go bhfuil meánoideachas sóisearach nó leibhéal níos ísle ag 29,8 % de na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu;

6. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Fhrainc ar sheirbhísí pearsantaithe a chur ar fáil do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu an 1 Aibreán 2021 agus dá réir sin go mairfidh tréimhse na hincháilitheachta le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Aibreán 2021 go dtí 24 mhí tar éis don chinneadh maoiniúcháin teacht i bhfeidhm;

([4]) NAVSA. Tuarascáil maidir le staid na hearnála. Meán Fómhair 2020

([5]) https://www.droits-salaries.com/552014201-selecta/55201420101907-/T09321007764-accord-relatif-a-la-mise-en-place-d-un-dispositif-specifique-d-activite-partielle-longue-duree-apld–autres-temps-de-travail.shtml

([6]) COM(2020)0442.

Déardaoin 24. Márta 2022

7. á mheabhrú gurb iad na gníomhaíochtaí seo a leanas atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe: seirbhísí comhairleacha agus gairmthreoir, tacaíocht síceolaíochta, oiliúint, rannchuidiú le cruthú gnó, liúntas cuardaigh poist, liúntas athfhostaíochta gasta, dreasacht socrúcháin, agus ranníocaíocht le costais bhogtha agus lonnaithe;

8. á athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, gur cheart ról tábhachtach a bheith ag an Aontas maidir leis na cáilíochtaí is gá a chur ar fáil don athrú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip; ag tacú go láidir leis an bhfíoras go leanfaidh CED idir 2021 agus 2027 de dhlúthpháirtíocht a léiriú le daoine a ndearnadh difear dóibh, agus an fócas a choinneáil ar an tionchar atá ag athstruchtúrú ar oibrithe agus á iarraidh go ndéanfar comhleanúnachas beartais a uasmhéadú sna hiarratais a dhéanfar sa todhchaí;

9. á chur in iúl gur geal léi gur dhréachtaigh an Fhrainc an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe dá bhfuil cómhaoiniú ó CED iarrtha i gcomhairle le hionadaithe foirne agus ceardchumainn; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le trédhearcacht ag gach céim den nós imeachta agus á iarraidh ar na comhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme agus meastóireacht an phacáiste seirbhísí; ag tabhairt dá haire gur comhlíonadh na ceanglais nós imeachta uile;

10. á mheas gur cheart na ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm leo tairbhithe a athimeascadh go mear i bhfostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe laistigh nó lasmuigh den chéad earnáil ina raibh siad gníomhach, agus iad a ullmhú do gheilleagar Eorpach níos glaise agus níos digití.

11. ag meabhrú na féidearthachta atá ann le haghaidh bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo laistigh den phacáiste comhordaithe lena n-áirítear, *inter alia*, liúntais cúraim leanaí a íoc, mar a fhoráiltear in Airteagal 7(2), pointe (b), de Rialachán CED, chun rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist sna gníomhaíochtaí atá beartaithe a éascú;

12. á thabhairt dá haire gur chuir údaráis na Fraince in iúl go mbíonn dlúthpháirt ag ionadaithe foirne agus ag ionadaithe comharchumainn sna pleananna eagraíochtúla maidir le hoiriúnú don athrú;

13. á chur in iúl gur geal léi gur chuir Selecta beartas oiliúna fíorghníomhach ar bun a ghabhann i bhfad thar a oibleagáidí dlíthiúla;

14. á thabhairt dá haire go raibh an buiséad oiliúna in aghaidh an oibrí 30 % níos mó in 2021 ná in 2019 agus gurbh é a bhí mar aidhm leis sin cur le hinfhostaitheacht agus soghluaisteacht na foirne;

15. á chur i bhfáth go bhfuil sé deimhnithe ag údaráis na Fraince nach bhfaigheann na gníomhaíochtaí incháilithe cúnamh ó chistí nó ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais;

16. á athdhearbhú nach bhféadfaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED teacht in ionad gníomhaíochtaí a bhfuil na cuideachtaí freagrach astu, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna, nó aon cheann de liúntais nó cearta oibrithe iomarcacha, chun breisíocht iomlán an leithdháilte a áirithiú;

17. á mheabhrú gurb é is cuspóir CED dlúthpháirtíocht a léiriú le tairbhithe agus tacú leo agus iad a athimeascadh go mear i bhfostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh nó lasmuigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh;

18. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

19. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh dá fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

20. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún;

Déardaoin 24. Márta 2022

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFrainc (EGF/2021/007 FR/Selecta)

(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhinne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2022/548.)